**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 p.m. go dtí 4.30 p.m.**

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre cheist as ROINN 2 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamháin a Úsáideadh:**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2**

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an Ceistpháipéar seo ar ais le do thoil in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| (i) CTP (PLC) | |
| (ii) CGB (AGM) | |
| (iii) T & F (R & D) | |
| (iv) SB (MD) | |

**2.** Liostaigh **trí** ghné de chonradh bailí.

(i) ______________________

(ii) ______________________

(iii) ______________________

**3.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith/scil a bhíonn ag fiontraí.

(i) ______________________

______________________

(ii) ______________________

______________________

**4.** Déan idirdhealú idir Ollphá agus Glanphá.

(i) Ollphá: ______________________

______________________

______________________

(ii) Glanphá: ______________________

______________________

______________________

**5.** Tarraing graf líne chun an t-eolas seo a leanas ó Throscán Uí Mháille Tta a léiriú.

| **Bliain** | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** | **2007** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costais Phá €** | **150,000** | **160,000** | **180,000** | **200,000** | **190,000** |

**Costais Phá €**



**Bliain**

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ndéantar earraí a iompórtáil isteach go hÉirinn agus tabhair **dhá** shampla de na hiompórtálacha sin.

(i) Cúis 1: ______________________________

______________________________

(ii) Cúis 2: ______________________________

______________________________

Samplaí: 1. ______________________________

2: ______________________________

**7.** Mínigh an téarma 'spriocmhargadh' agus tabhair sampla **amháin** a léireoidh do fhreagra.

______________________________

______________________________

______________________________

Sampla: ______________________________

**8.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na habairtí seo:

| | Abairt | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Plean gearrthéarma is ea plean straitéiseach. | |
| 2. | Is sampla de Thaighde Allamuigh é suirbhé a dhéanamh in áit an mhargaidh. | |
| 3. | Ráiteas ar shócmhainní agus ar fhiachais é an Clár Comhardaithe. | |
| 4. | Is é is Curriculum Vitae ann ná doiciméad a úsáidtear chun iarratas a dhéanamh ar iasacht. | |
| 5. | Baineann Forbairt Fréamhshamhla le samhail nó leis an chéad shampla de tháirge a dhéanamh. | |

**9.** Tá cearta faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988 ag daoine a gcoinnítear eolas pearsanta fúthu ar ríomhaire. Tabhair breac-chuntas ar **dhá cheann** de na cearta seo.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**10.** Mínigh an téarma 'oiliúint ionduchtúcháin': ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**11.** Tabhair breac-chuntas ar fhreagracht shóisialta **amháin** atá ag gnó do gach ceann de na páirtithe leasmhara seo a leanas:

(i) Pobal áitiúil: ______________________________

______________________________

(ii) Soláthróirí: ______________________________

______________________________

**12.** Cad is brí le hanailís LLDB (SWOT)? ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**13.** Ainmnigh fiontar stáit/áisíneacht stáit **amháin** atá gníomhach sna réimsí seo a leanas.

| | Ainm an fhiontair/áisíneacht stáit |
|---|---|
| (i) Táirgeadh | |
| (ii) Iompar | |
| (iii) Oiliúint | |
| (iv) Margaíocht | |

**14.** Mínigh an téarma 'Margaíocht Dhomhanda': ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**15.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a thugann obair foirne d'eagraíocht.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS**
**LE DO FHREAGARLEABHAIR**

# ROINN 2
**(300 marc)**

**Freagair <u>ceithre</u> cheist as Roinn 2 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

## CUID 1

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Cheannaigh Martina péire buataisí a chosain €100 ó Choisbheart Uí Raghallaigh Tta. Tar éis seachtaine amháin d'imigh an tsáil de cheann de na buataisí. D'fhill sí ar an siopa leis an admháil ach dhiúltaigh siad na buataisí a thógáil ar ais.*

*Tá Martina ag smaoineamh ar a cás a thabhairt chuig Cúirt na nÉileamh Beag.*

**(A)** **(i)** Ainmnigh an dlí a chosnaíonn Martina sa chás seo. (10 marc)

**(ii)** Mínigh cearta dlíthiúla Mhartina **agus** dualgais Choisbheart Uí Raghallaigh Tta. (20 marc)

**(iii)** Mínigh **dhá** bhuntáiste atá ann do Mhartina a cás a thabhairt chuig Cúirt na nÉileamh Beag. (10 marc)

*Is féidir Díospóid Trádála a mhíniú mar dhíospóid idir fostóir agus na fostaithe.*

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fháth/chúis le díospóidí trádála. (20 marc)

**(ii)** Déan cur síos ar aon **dá** fheidhm atá ag Ceardchumann. (15 mharc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAIR**

## TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

> *Tá tionscal na tógála agus tionscal na déantúsaíochta mar chodanna den earnáil thánaisteach den gheilleagar.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhain geilleagar na hÉireann as fás thionscal na tógála le blianta beaga anuas. (15 mharc)

**(B)** Mínigh **dhá** dhúshlán atá le sárú ag tionscail déantúsaíochta in Éirinn. (15 mharc)

**(C)** **(i)** Cad is Comhar Creidmheasa ann?
**(ii)** Mínigh go hachomair **dhá** sheirbhís a thugann Comhar Creidmheasa dá chuid ball.
(20 marc)

**(D)** **(i)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'comhpháirtíocht'.
**(ii)** Tabhair **trí** bhuntáiste atá ag comhpháirtíocht mar eagraíocht gnó. (25 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

> *Tá Éire mar bhall den AE ó 1973. Tá ballraíocht san AE tar éis tionchar suntasach a bheith aici ar fhás agus ar fhorbairt eacnamaíochta na hÉireann.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann gnó na hÉireann as ballraíocht den Aontas Eorpach. (15 mharc)

**(B)** **(i)** Ainmnigh **dhá** institiúid den AE.
**(ii)** Mínigh an ról atá ag ceann **amháin** díobh. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a mbíonn tionchar ag fás na dífhostaíochta ar gheilleagar na hÉireann. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas, agus tú ag baint úsáide as samplaí, ar **dhá** bhealach a gcabhraíonn Teicneolaíocht an Eolais le gnóthais Éireannacha atá ag plé leis an trádáil idirnáisiúnta.
(20 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAIR**

## CUID 2

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Is den tábhacht é go n-aithneodh gnólacht na rioscaí, go ndéanfadh sé measúnú orthu, agus go ndéanfadh sé iarracht iad a laghdú sula dtógann sé amach árachas.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chineál éagsúla polasaí árachais a mbeifeá ag súil leis go mbeadh siad ag monarcha. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach ar féidir le bainisteoir rioscaí a laghdú i monarcha. (20 marc)

**(C)** Ainmnigh agus mínigh na feidhmeanna atá ag **dhá** dhoiciméad a úsáidtear go rialta san árachas. (15 mharc)

**(D)** Mínigh na **trí** phrionsabal árachais seo a leanas.
Tabhair sampla **amháin** i ngach cás chun do fhreagra a léiriú.

- **(i)** Leas Inárachais
- **(ii)** Meon Lánmhaith
- **(iii)** Slánaíocht (20 marc)

**(75 marc)**

## FIONTAR / BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 5

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá Sinéad ag obair le roinnt blianta i siopa ilrannach gnóthach i mBaile Átha Cliath, achar 50 ciliméadar óna baile féin.*

*Ba mhaith le Sinéad gnó a bhunú ina baile dúchais agus tá comhairleoir fostaithe aici chun comhairle a chur uirthi maidir le cúrsaí airgeadais, cánachas, agus earcú agus roghnú fostaithe.*

**(A)** Sainaithin **dhá** riosca agus **dhá** luach saothair a bheidh ann do Shinéad má bhunaíonn sí a gnó féin. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoinse smaointe nua gnó a bheadh ar fáil do Shinéad. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh a d’fhéadfadh Sinéad a úsáid chun fostaithe a earcú i gcomhair a gnó. (15 mharc)

**(D)** Ainmnigh **dhá** cháin a mbeadh súil ag Sinéad lena n-íoc. (10 marc)

**(E)** Ainmnigh **dhá** fhoinse airgeadais fadtéarma a d’fhéadfadh Sinéad a úsáid chun a gnó a thosú agus mínigh **ceann amháin** díobh. (15 mharc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAIR**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 6

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá folúntas tar éis teacht chun cinn in LMN Tta sa phost mar Bhainisteoir Oifige. Is é Seán Ó Maoldúin an Bainisteoir Acmhainní Daonna agus is mian leis an post a líonadh go hinmheánach.*

**(A)** Dréachtaigh, agus dáta an lae inniu á úsáid agat, Meamram (memo) ó Sheán Ó Maoldúin chuig an bhfoireann go léir ag meabhrú dóibh gurb é 20ú Meitheamh 2008 an spriocdháta d'iarratais i gcomhair an phoist.
(15 mharc)

**(B)** Seachas meamraim, ainmnigh **trí** chineál eile cumarsáide inmheánaí. (15 mharc)

**(C)** Sainaithin agus mínigh **trí** thoisc a théann i gcion ar roghnú modhanna cumarsáide i ngnólacht.
(20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ann do LMN Tta as earcú go hinmheánach.
(10 marc)

**(E)** Mínigh na téarmaí seo a leanas:
- **(i)** Rialú Stoic.
- **(ii)** Rialú Airgeadais. (15 mharc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAIR**

## CEIST 7

Freagair gach cuid den cheist seo:

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhír eolais a bheadh ó bhainisteoir bainc agus iarratas ar iasacht i gcomhair gnó á mheas aici/aige. (15 mharc)

**(B)** Mínigh **dhá** chúis a n-ullmhódh gnó réamhaisnéis sreabhadh airgid. (10 marc)

**(C)** Mínigh an téarma 'rótharraingt bhainc'. (10 marc)

**(D)** Tógadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Spóirt Mhic Shuibhne Tta.

| **CLÁR COMHARDAITHE (Sliocht) ar an 31 Nollaig** | | |
|---|---|---|
| | **2007** | **2006** |
| | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Reatha** | **300,000** | **290,000** |
| **Fiachais Reatha** | **200,000** | **145,000** |
| | | |

**(i)** Sainaithin **dhá** mhír a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa rannóg 'Sócmhainní Reatha' i gClár Comhardaithe Spóirt Mhic Shuibhne Tta. (15 mharc)

**(ii)** Ríomh **Cóimheas an Chaipitil Oibre** do na blianta 2006 agus 2007 agus déan tagairt don treocht.
(Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibre go léir.) (25 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAIR**

**GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 8**

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá cur chun cinn riachtanach do ghnólacht chun a chuid táirgí a thabhairt ar aire an mhargaidh agus chun tomhaltóirí a spreagadh chun iad a cheannach.*

**(A)** Tá cur chun cinn ar cheann de na 4 chomhpháirt sa Mheascadh Margaíochta. Ainmnigh na **trí** chomhpháirt eile agus mínigh ceann **amháin** díobh. (20 marc)

**(B)** **(i)** Liostaigh **trí** mhodh (mheán) fógraíochta agus luaigh buntáiste a bhaineann le **gach ceann** díobh. (15 mharc)

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fheidhm atá ag an bhfógraíocht. (15 mharc)

**(C)** Dréachtaigh agus cuir lipéid ar léaráid de Shaolré Táirge. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla de mhodhanna Caidrimh Phoiblí (PR) a úsáideann gnólacht. (10 marc)

**(75 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAIR**

Leathanach Bán